CINNEADH (CBES) 2023/386 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Feabhra 2023

lena seoltar misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/162

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/162.

(2) An 14 Feabhra 2023, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) gur cheart an Plean Oibríochta (OPLAN) maidir le Misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) a fhormheas.

(3) Ag eascairt as moladh ó Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha, agus tar éis cumas oibriúcháin tosaigh a bhaint amach, ba cheart EUMA a sheoladh an 20 Feabhra 2023. Leanfar an Misean go dtí an 19 Feabhra 2025.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2023/162 tugadh méid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUMA a chumhdach le linn na chéad 4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin. Ba cheart an méid tagartha a athbhreithniú don tréimhse go dtí an 19 Feabhra 2025.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/162 a leasú dá réir sin.

(6) Cuirfear EUMA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Plean Oibríochta (OPLAN) maidir le Misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) a fhormheas.

Airteagal 2

Seolfar EUMA an 20 Feabhra 2023.

Airteagal 3

Leis seo, tugtar údarú do Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUMA, le héifeacht láithreach, tús a chur le forghníomhú an Mhisin.

([1]) IO L 22, 24.1.2023, lch. 29.

Airteagal 4

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(1) de Chinneadh (CBES) 2023/162:

"1. Is é EUR 30 751 150,36 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUMA a chumhdach don tréimhse ón 23 Eanáir 2023 go dtí an 19 Feabhra 2025. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.".

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES